2026/2062

11.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2062 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 10 Meán Fómhair 2026

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1880 (EUMAM Mozambique/1/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2021/1143, feidhmíonn an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique), agus údaraítear dó na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh amach anseo.

(2) An 4 Meán Fómhair 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1880 ([2]), lena gceaptar an Ceannasóir César Manuel PIRES CORREIA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique ón 10 Meán Fómhair 2025.

(3) An 16 Iúil 2026, mhol údaráis mhíleata na Portaingéile go gceapfaí an Coirnéal Sérgio LINO de ALMEIDA ESTRELA chun teacht i gcomharbas ar an gCeannasóir César Manuel PIRES CORREIA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique ('an ceapachán molta'). Chuir údaráis mhíleata na Portaingéile in iúl go dtabharfaí ardú céime don Choirnéal Sérgio LINO de ALMEIDA ESTRELA go Briogáidire-Ghinearál sula gceapfaí é mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(4) An 27 Iúil 2026, thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique leis an gceapachán molta.

(5) An 29 Iúil 2026, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Coirnéal Sergio LINO de ALMEIDA ESTRELA ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique ón 14 Meán Fómhair 2026 i leith.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCoirnéal Sérgio LINO de ALMEIDA ESTRELA a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/1880 a aisghairm,

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1143/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1880 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 4 Meán Fómhair 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2181 (EUMAM Mozambique/1/2025) (IO L, 2025/1880, 15.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1880/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an Briogáidire-Ghinearál Sérgio LINO de ALMEIDA ESTRELA a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique) ón 14 Meán Fómhair 2026 i leith.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2025/1880 a aisghairm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD